



## **Chuib: Údaráis Bhainistíochta na mBunscoileanna, Iar-bhunscoileanna agus Scoileanna Speisialta aitheanta uile**

### **Fógra maidir le tacaíochtaí maoinithe Caipitíochta Covid-19**

Cuireadh raon de bhearta riachtanacha um chosc agus rialú ionfhabhtuithe i bhfeidhm i scoileanna chun baol scaipeadh COVID-19 a laghdú agus chun cosaint a thabhairt do shábháilteacht, sláinte agus folláine na mball foirne, scoláirí tuismitheoirí agus cuairteoirí.

Mar a cuireadh in iúl roimhe seo, rinne NPHET athbhreithniú ar na bearta seo ar an 17ú Feabhra 2022 agus ghlac an Rialtas leis na moltaí leis na srianta a bhaint a bhí fágtha a bhain le maisc a chaitheamh agus scaradh sóisialta a dhéanamh i scoileanna. Ach, tá an riachtanas maidir le dea-bhearta um chosc agus rialú infhabhtuithe a chur i bhfeidhm ar nós sláinteachas lámh, sláinteachas riospráide agus glantachán fós i bhfeidhm.

Dá bhrí sin, bunaithe ar an gcomhairle sláinte phoiblí reatha, tá maoiniú Dheontas Caipitíochta Covid-19 á chur ar fáil do Théarma 3 de scoilbhliain 2021/22 chun tacú le scoileanna leis na bearta um chosc agus rialú infhabhtuithe a chur i bhfeidhm.

Cé nach bhfuil riachtanas ann a thuilleadh le scaradh sóisialta a dhéanamh i scoileanna, íocfar deontas Caipitíochta Covid-19 i dtaca le feitheoireacht fheabhsaithe leis na hIar-bhunscoileanna freisin do Théarma 3 mar go n-aithnítear má dhéantar athbhreithniú ar na socruithe seo ag an bpointe seo den scoilbhliain beifear ag cur isteach ar scoláirí, go háirithe orthu siúd atá ag ullmhú le haghaidh na Scrúduithe Stáit. Chomh maith leis sin, cé nach bhfuil sé riachtanach do na baill foirne nó do na scoláirí masc a chaitheamh ar scoil, is féidir leo leanúint ar aghaidh agus masc a chaitheamh más mian leo go pearsanta agus leanfaidh scoileanna ar aghaidh ag cur masc ar fáil do bhaill foirne nó do scoláirí mar atá á dhéanamh acu faoi láthair.

Déanfar athbhreithniú ar mhaoiniú Covid-19 do scoilbhliain 2022/23 roimh thús na scoilbhliana agus an scéal faoi shláinte phoiblí á chur san áireamh.

Tá tuilleadh sonraí faoi mhaoiniú Dheontas Caipitíochta Covid-19 do Théarma 2021/22 san áireamh thíos. Déanfar an maoiniú seo a eisiúint chuig scoileanna go luath.

Íocfar mar is gnách gnáthdheontais a bhaineann le caipitíocht go mbeidh Boird Bhainistíochta in ann Baill Foirne Choimhdeacha a choinneáil ar a bPárollaí agus íoc as cotais eile leis an scoil a rith.

Beidh Iar-bhunscoileanna san Earnáil ina nGearrtar Táillí ar éirigh lena n-iaratas ar mhaoiniú caipitíochta Covid-19 in 2020/21 incháilithe go huathoibríoch le maoiniú a fháil i dtéarma 3 2021/22.

Déanfar íocaíochtaí deontais a ríomh ag baint úsáid as na rátaí céanna per capita a bhain le Téarma 2 de scoilbhliain 2021/22 agus beidh siad bunaithe ar rollaithe aitheanta do Mheán Fómhair 2020.

<b>Deontais Caipitíochta COVID-19 Téarma 3 – Rátaí in aghaidh an dalta</b>		
Bunscoileanna	Príomhshrutha	Ranganna Speisialta/Scoil Speisialta
Glantachán Feabhsaithe	€21.00	€25.67
PPE	€15.00	€60.00

**Tabhair faoi deara:** Tá na deontais a íoctar le scoileanna ina bhfuil rollú de 60 dalta go díreach nó níos lú bunaithe ar rollú de 60 dalta ar a laghad.

<b>Deontais Caipitíochta COVID-19 Téarma 3 – Rátaí in aghaidh an dalta</b>		
Iar-Bhunscoileanna	Príomhshrutha	Ranganna Speisialta
Glantachán Feabhsaithe	€11.00	€13.33
PPE	€24.00	€96.00
Feitheoireacht Fheabhsaithe	€35.00	€35.00

**Tabhair faoi deara:** Tá na deontais a íoctar le scoileanna ina bhfuil rollú de 200 dalta go díreach nó níos lú bunaithe ar rollú de 200 dalta ar a laghad.

Cuirtear samplaí léiritheacha maidir le luach na ndeontas seo atá iníochta do scoileanna de mhéideanna éagsúla ar fáil in Aguisín A.

Tá na deontais uile a bhaineann le deontais Caipitíochta Covid-19 le húsáid chun na críche mar a bhí leagtha amach roimhe seo i gCiorcláin 0045/2020, 0046/2020 agus 005/2021 ar fáil freisin ar shuíomh gréasáin na Roinne ag na naisc atá curtha ar fáil thíos.

<https://www.gov.ie/ga/ciorclan/tacaiochtaí-oibriuchain-covid-19-chun-filleadh-go-hiomlan-ar-an-scoil/>

<https://www.gov.ie/ga/ciorclan/tacaiochtaí-oibriuchain-covid-19-don-fhilleadh-iomlan-ar-scoil-iarbhunscoil/>

<https://www.gov.ie/ga/ciorclan/udarais-bhainistíochta-bunscoileanna-aitheanta-scoileanna-speisialta-agus-priomhfheidhmeannaigh-bhoird-oideachais-agus-oiliuna-tacaiochtaí-oibriuchain-covid-19-don-scoilbhliain-2021-22/>

Is féidir le scoileanna úsáid a bhaint as maoiniú thar raon deontas lena chinntiú go bhfuil dóthain sreafa airgid ann ag amanna áirithe.

Ní mór leanúint ar aghaidh agus an t-ioncam agus an caiteachas a thaifeadadh i gcuntais na scoileanna agus iad a bheith curtha i leith na ndeontas ar leith de réir mar is cuí.

Cuirtear i gcuimhne do scoileanna a chinntiú go ndéantar stoic a bhainistiú agus a sholáthar go hiomchuí ionas nach mbeidh róstocáil soláthairtí ann. Tá sé seo le déanamh lena chinntiú go bhfuil luach ar airgead á bhaint amach agus le cur amú a sheachaint.

I gcás na nIar-bhunscoileanan, ba chóir go n-íocfadh deontais Caipitíochta Covid-19 as na costais bhreise a tabhaíodh go sonradh maidir le cur i bhfeidhm na mbeart um chosc agus rialú infhabhtuithe a bhaineann le feidhmiú na mBéaltrialacha agus na dTrialacha Praiticiúla atá ar siúl lasmuigh de na gnáthuaireanta scoile, sa chéad dul síos. Ní féidir aisíocaíochtaí dá leithéid de chostais a éileamh ó Choimisiún na Scrúduithe Stáit i gcásanna inar caitheadh deontais Caipitíochta Covid-19 go hiomlán.

Ní mór aon maoiniú a bhaineann le maoiniú Caipitíochta Covid-19 nár caitheadh do scoilbhliain 2021/2022 a chur ar ais go dtí an státchiste. Dá bhrí sin, ba chóir aon chistí nár caitheadh a bheith curtha ar ais ag scoileanna chuig cuntas bainc na Roinne le ríomhaistriú airgid faoin 30ú Meán Fómhair 2022. Ba chóir lóisteáil amháin a chlúdaíonn na deontais ar fad (Glantachán Feabhsaithe, PPE, Cúntóir agus Feitheoireacht Fheabhsaithe de réir mar is cuí) a dhéanamh.

Ba chóir do na scoileanna sonraí maidir leis na cistí atá á gcur ar ais a chur ar ríomhphost chuig an Roinn, ach amháin iad siúd san Earnáil BOO.

Beidh ar BOOanna aon chistí nár caitheadh a chur ar ais dá scoileanna chuig Cuntas bainc na Roinne. Beidh Rannóg Airgeadais agus Riaracháin agus Pearsanra BOO i dteagmháil arís le gach Ceannoifig BOO le heolas breise maidir leis na socrúithe don earnáil BOO.

Tá tuilleadh sonraí maidir leis na socrúithe seo san áireamh in Aguisín B.

Le haghaidh tuilleadh fiosruithe téigh i dteagmháil leis an Roinn ar ríomhphost ar [covid19\\_alert@education.gov.ie](mailto:covid19_alert@education.gov.ie) nó ar an bhfón ar 057 9324461.

Leanfaidh an Roinn ag obair go dlúth le gach ceann de na comhpháirtithe oideachais agus na speisialtóirí sláinte phoiblí ionas go mbeidh tacaíocht tugtha do na scoileanna le haon bhearta a chur i bhfeidhm a bheadh ag teastáil don chuid eile den scoilbhliain seo agus do scoilbhliain 2022/23.

Go raibh maith agat as do thiomantas leanúnach lena chinntiú gur áiteanna sábháilte iad scoileanna do na baill foirne, scoláirí, tuismitheoirí agus cuairteoirí.

Is mise le meas,

Deirdre Shanley  
Rúnaí Cúnta  
25 Aibreán 2022

**Aguisín A -Samplaí léiritheacha de luach na ndéontas seo atá iníoctha do scoileanna de mhéideanna éagsúla**

<b>Bunscoileanna</b>		
<b>Luach Dheontais Caipitíochta Covid-19 – Ráta Príomhshrutha – Téarma 3 Scoilbhliain 21/22</b>		
<b>Rollú Daltaí</b>	<b>Glantachán</b>	<b>PPE</b>
Suas le 60	€1,260	€900
100	€2,100	€1,500
200	€4,200	€3,000
400	€8,400	€6,000
600	€12,600	€9,000

<b>Bunscoileanna Speisialta</b>		
<b>Luach Dheontais Caipitíochta Covid-19 – Ráta Feabhsaithe – Téarma 3 Scoilbhliain 21/22</b>		
<b>Líon na Múinteoirí</b>	<b>Glantachán</b>	<b>PPE</b>
1	€1,540	€3,600
2	€1,592	€3,720
3	€2,464	€5,760
4	€3,337	€7,800
5	€4,210	€9,840
6	€5,057	€11,820
7	€5,853	€13,680
8	€6,623	€15,480
9	€6,982	€16,320
10	€7,829	€18,300
11	€8,676	€20,280
12	€9,524	€22,260
13	€10,371	€24,240
14	€11,218	€26,220
15	€12,065	€28,200
16	€12,912	€30,180

<b>Iar-Bhunscoileanna</b>			
<b>Luach Dheontais Caipitíochta Covid-19 – Ráta Príomhshrutha – Téarma 3 Scoilbhliain 21/22</b>			
<b>Rollú Daltaí</b>	<b>Glantachán</b>	<b>PPE</b>	<b>Feitheoireacht</b>
Suas le 200	€2,200	€4,800	€7,000
400	€4,400	€9,600	€14,000
600	€6,600	€14,400	€21,000
800	€8,800	€19,200	€28,000
1,600	€17,600	€38,400	€56,000

**Aguisín B****LE COIMEÁD LE hÚSÁID MÁ TÁ DEONTAIS A BHAINNEANN LE DEONTAIS CAIPITÍOCHTA COVID-19  
NÁR CAITHEADH Á gCUR AR AIS GO DTÍ AN ROINN OIDEACHAIS DO SCOILBHLIAIN 21/22**

<b>AISÍOCAÍOCHTAÍ COVID – Scoilbhliain 21/22</b>		
<b>SONRAÍ LE hÚSÁID AG BUNSCOILEANNA (seachas Pobalscoileanna Náisiúnta), MEÁNSCOILEANNA DEONACHA, SCOILEANNA POBAIL AGUS SCOILEANNA CUIMSITHEACHA</b>		
<b>Sonraí Chuntas Banc na Roinne</b>	<b>Ainm an Bhrainse</b>	Danske Bank, 3 Harbourmaster Place, IFSC, Dublin 1, D01 K8F1
	<b>Ainm an Chuntais</b>	PMG Gen Remittance
	<b>Uimhir an Chuntais</b>	10001155
	<b>Cód Sórtála</b>	95-15-99
	<b>BIC</b>	DABAIE2D
	<b>IBAN</b>	IE16 DABA 9515 9910 0011 55
<b>Teachtaireacht/Eochair Eolais atá le húsáid don chuntas ina bhfuil an íocaíocht á lóisteáil</b>	COVIDREFUND2122 agus Uimh. Rolla na Scoile díreach ina diaidh e.g. COVIDREFUND212231245A	
<b>Seoladh ríomhphoist nach mór na sonraí faoi na haisíocaíochtaí atá á gcur ar ais a sheoladh chuige</b>	covidrefund2122sdf@education.gov.ie	
<b>Sonraí atá le cur san áireamh sa ríomhphost</b>	a)Líne ábhair – Uimhir Rolla na Scoile agus COVIDREFUND2122 ina diaidh b)An tsuim iomlán atá á cur ar ais c)Ainm agus uimhir Fóin chun críche teagmhála	

<b>AISÍOCAÍOCHTAÍ COVID</b>		
<b>SONRAÍ LE hÚSÁID AG BOIRD OIDEACHAIS AGUS OILIÚNA</b>		
<b>Sonraí Chuntas Banc na Roinne</b>	<b>Ainm an Bhrainse</b>	Danske Bank, 3 Harbourmaster Place, IFSC, Dublin 1, D01 K8F1
	<b>Ainm an Chuntais</b>	PMG Gen Remittance
	<b>Uimhir an Chuntais</b>	10001155
	<b>Cód Sórtála</b>	95-15-99
	<b>BIC</b>	DABAIE2D
	<b>IBAN</b>	IE16 DABA 9515 9910 0011 55
<b>Teachtaireacht/Eochair Eolais atá le húsáid don chuntas ina bhfuil an íocaíocht á lóisteáil</b>	COVIDREFUND2122 agus inisealacha an BOO iomchuí díreach ina diaidh e.g. COVIDREFUND2122CMETB, COVIDREFUND2122MSLETB	
<b>Seoladh ríomhphoist nach mór na sonraí faoi na haisíocaíochtaí atá á gcur ar ais a sheoladh chuige</b>	financialetb@education.gov.ie	
<b>Sonraí atá le cur san áireamh sa ríomhphost</b>	Beidh Rannóg Airgeadais agus Riaracháin agus Pearsanra BOO i dteagmháil arís le gach Ceannoifig BOO le heolas breise maidir leis na socruithe don earnáil BOO.	

